Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Márta 2026
(OR. en)

6911/26

Comhaid Idirinstitiúideacha:
2025/0227 (COD)
2025/0555 (COD)
2025/0240 (COD)

CADREFIN 93
FIN 349
POLGEN 52

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034: gnéithe rialachais |

## RÉAMHRÁ

1. An 16 Iúil agus an 3 Meán Fómhair 2025, thíolaic an Coimisiún pacáiste tograí reachtacha le haghaidh Chreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) 2028-2034 arb é is aidhm dó buiséad solúbtha a bheith ann chun acmhainneacht chaiteachais a ailíniú le tosaíochtaí beartais atá ag athrú. Dá bhrí sin, is príomhghné den CAI atá beartaithe í an tsolúbthacht mar aon le hintuarthacht leordhóthanach le haghaidh infheistíochtaí fadtéarmacha.

2. Tugtar isteach leis an togra struchtúr níos cuíchóirithe ina bhfuil líon laghdaithe ceannteideal agus clár. Foráiltear leis freisin do sholúbthacht fheabhsaithe i gcláir agus eatarthu trí shásraí amhail féidearthachtaí athchlárúcháin, maoláin airgeadais, ionstraimí speisialta agus corrlaigh mhéadaithe neamh-leithdháilte.

3. Ina theannta sin, chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht an chur chun feidhme a uasmhéadú, beidh sé tábhachtach go gcuirfear san áireamh sna socruithe rialachais na ceachtanna a foghlaimíodh ó chaiteachas an Aontais sa tréimhse 2021-2027. Iarrtar go seachnófaí ualach breise riaracháin agus go ndéanfaí an luas faoina ndéantar cinntí a uasmhéadú. An tráth céanna, go dtí seo, tá tacaíocht leathan ann do ról treisithe na mBallstát agus na Comhairle, ar cheart é a chur chun feidhme ar bhealach a chosnaíonn cothromaíocht institiúideach agus sainchumais agus róil institiúidí an Aontais faoi na Conarthaí, lena n-áirítear freagracht an Choimisiúin as cur chun feidhme an bhuiséid, i gcomhar leis na Ballstáit.

**RIALACHAS SNA TOGRAÍ**

4. Faoi na Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, baineann na príomhcheisteanna rialachais leis an gcothromaíocht sna róil idir an Coimisiún, na Ballstáit agus an Chomhairle, go háirithe maidir leis na pleananna a ghlacadh agus a leasú.

5. Ina theannta sin, maidir leis an tSaoráid AE atá beartaithe, iarrann na Ballstáit go mbeadh an Chomhairle níos rannpháirtí maidir le gníomhaíochtaí a roghnú agus leithdháiltí airgeadais a chinneadh agus iarrann siad go mbeadh ról do na Ballstáit ag céim an chur chun feidhme. Baineann iarrataí breise leis an ngá atá le nósanna imeachta i ndáil le gníomhachtú agus slógadh a shoiléiriú chun feabhas a chur ar thrédhearcacht agus intuarthacht maidir le húsáid an 'cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí éigeandála'.

6. Saincheist choiteann i rialachas an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas agus na hIonstraime um an Eoraip Dhomhanda is ea stiúradh straitéiseach. Iarrtar go ndéanfadh an Chomhairle agus na Ballstáit rannpháirtíocht réamhtheachtach agus cinnteoireacht níos soiléire maidir le tosaíochtaí, clársceidealú agus cur chun feidhme, chomh maith le tuairisciú intuartha agus sreafaí faisnéise. Ina theannta sin, tá plé á dhéanamh ar ghné rialachais an idirghníomhaithe idir an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus Fís Eorpach. Thairis sin, faoin Ionstraim um an Eoraip Dhomhanda, tá tacaíocht leathan ann chun rialacha gníomhachtúcháin a shoiléiriú le haghaidh sásraí solúbthachta, lena n-áirítear an cúlchiste um dhúshláin agus tosaíochtaí éigeandála.

7. Cé go mbeidh sé riachtanach gan sadhlanna nua a chruthú, cur chuige comhtháite a chaomhnú agus solúbthacht leordhóthanach a choinneáil, tá tacaíocht leathan ann do shocruithe rialachais níos soiléire agus treisithe lena gcuimsítear an timthriall iomlán ó chéim an ullmhúcháin go dtí an cur chun feidhme gan ualach riaracháin nach bhfuil gá leis a chur leis.

**<u>ÁBHAR PLÉ DO NA HAIRÍ</u>**

8. Iarrtar ar na hairí machnamh a dhéanamh ar na socruithe rialachais go príomha faoi na trí phríomhionstraim mhaoiniúcháin (Pleananna Comhpháirtíochta Náisiúnta agus Réigiúnaí, an Ciste Eorpach um Iomaíochas agus an Eoraip Dhomhanda) is gá chun trédhearcacht, cuntasacht agus cur chun feidhme éifeachtach a áirithiú, agus éifeachtúlacht á baint amach agus ualach riaracháin nach bhfuil gá leis á sheachaint an tráth céanna.

*Tá gá le rialachas feabhsaithe chun buiséad nuachóirithe agus níos solúbtha de chuid an Aontais a bhaint amach, agus cothromaíocht idirinstitiúideach á caomhnú an tráth céanna.*

– *Conas is féidir le socruithe rialachais stiúradh straitéiseach leordhóthanach ar thaobh na Comhairle, agus úinéireacht pholaitiúil ar thaobh na mBallstát, a chur ar fáil, agus soláthar agus cur chun feidhme éifeachtach á n-áirithiú, lena gcosnófar an tsolúbthacht oibríochtúil is gá, agus an creat institiúideach á urramú an tráth céanna?*

– *Conas is féidir rialachas a cheapadh chun luas, éifeachtúlacht, trédhearcacht agus cuntasacht a chaomhnú agus aon ualach riaracháin breise nach bhfuil gá leis á sheachaint an tráth céanna?*